C/2025/5254

26.9.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/5254)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE LEASÚ CAIGHDEÁNACH AR AN DOICIMÉAD AONAIR

‘Cassis de Bourgogne’

Uimh. AE: PGI-FR-02075-AM01 — 3.7.2025

1. Ainm an táirge

‘Cassis de Bourgogne’

2. Cineál an táisc gheografaigh

☐ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☒ Tásc geografach (TG)

3. Earnáil

☐ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☒ Deochanna biotáilleacha

4. Tír ar léi an limistéar geografach

An Fhrainc

5. Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis, Ard-Stiúrthóireacht um Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar, an Oifig um Fhíonta agus Deochanna Eile

6. Incháilitheacht mar leasú caighdeánach

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar TG ‘Cassis de Bourgogne’ le haon cheann de na trí chás arb éard atá iontu leasú ar leibhéal an Aontais, go sonrach níl i gceist leis:

(a) athrú ar ainm an táirge ná ar aon chuid d’ainm an táirge, ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí a ainmnítear leis an tásc geografach;

(b) riosca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) srianta breise maidir le margú an táirge.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach atá an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar na leasuithe caighdeánacha formheasta**

1. ***Saintréithe sonracha (i gcomparáid le deochanna biotáilleacha den chatagóir chéanna)***

Tuairisc

I gCuid I, roinn 2 den tsonraíocht táirge, cuireadh mír 2.3 'Saintréithe sonracha (i gcomparáid le deochanna biotáilleacha den chatagóir chéanna)' isteach chun a mhíniú conas a dhéanann saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus/nó orgánaileipteacha 'Cassis de Bourgogne' difear do shaintréithe sonracha an táirge trí léiriú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil sé éagsúil le deochanna biotáilleacha eile den chatagóir chéanna.

Achoimre ar na cúiseanna a bhfuil gá leis an leasú

Cuireadh an mhír leis an tsonraíocht táirge i ndiaidh iarratas ón gCoimisiún Eorpach ar fhaisnéis bhreise dar dáta an 10 Feabhra 2017, mar chuid de thíolacadh an chomhaid theicniúil i gcomhréir le hAirteagal 20(1) de Rialachán (CE) Uimh. 110/2008.

A bhuí leis an bhfaisnéis bhreise a cuireadh i láthair sa mhír sin, is féidir ábhar shonraíocht an táirge a ailíniú le hábhar an doiciméid aonair atá cláraithe leis an iarratas.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

2. ***Sainmhíniú ar an limistéar geografach***

Tuairisc

I gCuid I, roinn 3 den tsonraíocht táirge, tagann na focail 'arna cheadú ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag cruinniú an choiste náisiúnta ábhartha an 6 Feabhra 2025' i ndiaidh na bhfocal 'limistéar geografach' anois. Maidir le teorainn an limistéir sin, an dáta a fhormheasfaidh an coiste náisiúnta ábhartha an tsonraíocht sin, beidh limistéar na mbardas a leanas cuimsithe ann, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2024:'.

Cuireadh dáta formheasa an limistéir gheografaigh leasaithe isteach i ndiaidh leathnú an limistéir tosaigh chun naoi mbardas comharsanacha a áireamh, agus is féidir saothróir caora agus táirgeoir licéir a ionchorprú dá réir sin.

Cé is moite de na bardais bhreise thuasluaite, tugadh liosta na mbardas a chuimsíonn an limistéar geografach cothrom le dáta i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2024.

Soiléiríodh freisin gur féidir teacht ar léarscáileanna den limistéar geografach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta.

Achoimre ar na cúiseanna a bhfuil gá leis an leasú

Cuireadh dáta formheasa an limistéir isteach chun a léiriú go ndearnadh imlíne nua a bhailíochtú go hoifigiúil.

Leathnaíodh an limistéar geografach i gcomhréir le faisnéis a chruthaíonn nasc an táirge lena thimpeallacht gheografach.

Trí na bardais sin agus na hoibreoirí atá lonnaithe iontu a ionchorprú, tá an grúpa táirgeoirí in ann táirgeadh a fhorbairt.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. ***Aitheantas na ndáileachtaí***

Tuairisc

I gCuid I, roinn 3 den tsonraíocht táirge, scriosadh na focail 'Ó fhómhar 2015'.

Achoimre ar na cúiseanna a bhfuil gá leis an leasú

Ó fhómhar 2015 is ceanglas é go dtáirgfí gach cuirín dubh ar dháileachtaí aitheanta. Dá bhrí sin, is éard atá san fhaisnéis scriosta riail nach bhfuil ábhartha a thuilleadh.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. ***Dlús plandaithe***

Tuairisc

I gCuid I, mír 4.2 den tsonraíocht táirge, cuireadh mír leis lena n-údaraítear dlúis phlandála agus spásáil idir sraitheanna atá os cionn nó faoi bhun na luachanna údaraithe, suas le teorainn 10 % de na limistéir shainaitheanta den ghabháltas, atá cumhdaithe ag prótacal meastóireachta atá formheasta ag an gcoiste náisiúnta ábhartha.

Achoimre ar na cúiseanna a bhfuil gá leis an leasú

Is é aidhm na meastóireachta ná cur ar a gcumas d'oibreoirí foirm mhalartach rialaithe fiailí a aimsiú mar gheall ar an bhféidearthacht go gcuirfear cosc ar ghliofosáit, trí mhodhanna meicniúla le haghaidh dlúis níos ísle, nó trí iomaíocht le plandaí cuiríní dubha le haghaidh dlúis níos airde.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. ***Ualach torthaí***

Tuairisc

I gCuid I, mír 4.8 den tsonraíocht táirge, athraíodh an cion uasta de na cineálacha breise 'Blackdown', 'Andega' agus 'Andorine' ó 30 % de chainníocht na bpríomhchineálacha a úsáidtear, go 200 g de chaora cuiríní dubha in aghaidh an lítir de crème de cassis a fhaightear.

Achoimre ar na cúiseanna a bhfuil gá leis an leasú

Trí chion na gcineálacha breise a mhéadú, is é an aidhm go mbeidh príomhtháirgeoirí licéir in ann 'Cassis de Bourgogne' a tháirgeadh de réir a bhfoirmle féin a mbíonn ualach torthaí an-ard air.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

6. ***Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge***

Tuairisc

I gCuid I, mír 5.4 den tsonraíocht táirge, tá cion an dá phríomhchineál a fhásann sa Bhurgúin nuashonraithe i gcomparáid leis an gcéad leagan den tsonraíocht táirge. Sa chéad leagan, léiríodh an cion le céatadán, agus tá an focal 'formhór' ina áit anois.

Achoimre ar na cúiseanna a bhfuil gá leis an leasú

Léiríonn an leasú seo an chaoi ar athraigh na limistéir feirmeoireachta ó ceadaíodh an chéad leagan den tsonraíocht táirge.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

7. ***Grúpa iarratasóra***

Tuairisc

Tugadh sonraí teagmhála an ghrúpa iarrthaigh cothrom le dáta.

Achoimre ar na cúiseanna a bhfuil gá leis an leasú

Chun na sonraí teagmhála a thabhairt cothrom le dáta.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

8. ***Tagairtí do na comhlachtaí cigireachta***

Tuairisc

I gCuid III den tsonraíocht táirge, scriosadh sonraí teagmhála an chomhlachta cigireachta phríobháidigh atá freagrach. Thairis sin, cuireadh mír nua ina mínítear an próiseas cigireachta ginearálta in ionad na foclaíochta a bhí ann roimhe seo.

Tugadh sonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta cothrom le dáta.

Achoimre ar na cúiseanna a bhfuil gá leis an leasú

Tugadh isteach rialacha dréachtaithe nua le haghaidh na coda sin den tsonraíocht táirge.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Cassis de Bourgogne'

2. **Tír iarrthach**

An Fhrainc

3. **Cineál an táisc gheografaigh**

Tásc geografach (TG)

4. **Catagóir nó catagóirí na dí biotáillí**

34. Crème de (arna fhorlíonadh le hainm an toraidh nó le hainm amhábhair eile a úsáideadh)

4.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2208 — Alcól eitile gan dínádúrú ar lú ná 80 % a neart alcóil de réir toirte; biotáillí, licéir agus deochanna biotáilleacha eile

5. **Tuairisc ar an deoch bhiotáilleach**

Tréithe orgánaileipteacha

Tá dath dorcha dearg teimhneach ar 'Cassis de Bourgogne', comhartha dá chion ard torthaí, le dromchla uachtarach corcra sa bhuidéal. Leis na deora dlútha atá air, taispeánann sé slaodacht leanúnach in aghaidh bhallaí an bhuidéil, i.e. 'greamaíonn sé den ghloine'. Is comhartha d'úire an uachtair a shnas.

Is saintréith de chaora cuiríní dubha na bpríomhchineálacha a úsáidtear, an 'Noir de Bourgogne' agus an 'Royal de Naples', a dhea-bholadh torthúil ar leith. Nochtann sé íonacht na dtorthaí a bhailítear ag aibíocht iomlán, chomh maith lena ghalántacht agus a éadroime: scaoiltear dea-bholadh dian roimh bhlaiseadh.

Sa bhéal, is saintréithe de 'Cassis de Bourgogne' an céadbhlas láidir agus uigeacht lán, mín. Tugann sé an chuid is fearr amach as blas milis chaora 'Noir de Bourgogne' agus 'Royal de Naples' agus a dtiúchan.

Cuireann an modh maothaithe traidisiúnta atá rialaithe go foirfe agus an dáileog cheart siúcra taca faoi na dea-bholaithe, a léiríonn barántúlacht iomlán an chuirín dhuibh. Dá thoradh sin, bíonn cothromaíocht chomhchuí fhoriomlán ann ina gcruthaíonn beocht rialaithe na dtorthaí iarbhlas eisceachtúil.

Príomhthréithe fisiceacha agus ceimiceacha

Nuair a chuirtear ar an margadh é lena dhíol leis an tomhaltóir, bíonn na nithe seo a leanas in 'Cassis de Bourgogne':

— cion siúcra inbhéartaithe nach lú ná 450 g/l;

— neart alcóil de réir toirte idir 15 % agus 25 %.

Saintréithe sonracha (i gcomparáid le deochanna biotáilleacha den chatagóir chéanna)

Déantar 'Cassis de Bourgogne' a tháirgeadh ó thorthaí a ndearnadh maothú fada orthu ag teocht íseal (3 seachtaine ar a laghad), rud a chaomhnaíonn úire na ndea-bholaithe. Gan substaintí blaistithe ná ullmhóidí blaistithe a úsáid, ach trí úsáid a bhaint as cuiríní a bhfuil íosualach torthaí ard iontu, is féidir na dea-bholaithe atá i láthair sna torthaí a thiúchan. Ráthaíonn an aibíocht is fearr is féidir atá ag na torthaí a bhaintear sa limistéar dea-bholaithe níos forbartha de chuiríní dubha. Cuidíonn úsáid siúcra bháin, ní síoróip siúcra, lena chumhacht aramatach agus a uigeacht mhín a thabhairt don táirge. Tá slaodacht shonrach an táirge nasctha leis an méid siúcra riachtanach a sháraíonn an caighdeán íosta don chatagóir, rud a chothromaíonn aigéadacht ard an chineáil 'Noir de Bourgogne'. Ní fhéadfar aon chomhábhair eile seachas cuiríní dubha, alcól eitile agus siúcra gránaithe a úsáid, rud a thugann chun solais dea-bholaithe sonracha an dá chineál cuiríní dubha 'Noir de Bourgogne' agus 'Royal de Naples'. Tugann an dá chineál sin, a chuimsíonn formhór na limistéar feirmeoireachta sa Bhurgúin as a dtagann an táirge, a saintréithe sonracha don deoch bhiotáilleach seo: tá dea-bholaithe breátha cumhachtacha ag an gcineál 'Noir de Bourgogne', agus tugann an 'Royal de Naples' déine datha leis. Is iad na saintréithe difriúla sin den toradh a thugann a iarbhlas don crème de cassis.

6. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Déantar táirgeadh caor cuiríní dubha, a maothú, eastóscadh an insilte agus táirgeadh an uachtair laistigh den limistéar geografach arna cheadú ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag cruinniú an choiste náisiúnta ábhartha an 6 Feabhra 2025. Maidir le teorainn an limistéir sin, an dáta a fhormheasfaidh an coiste náisiúnta ábhartha an tsonraíocht sin, beidh limistéar na mbardas a leanas cuimsithe ann, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2024:

Roinn Côte-d'Or:

Agencourt, Agey, Ahuy, Aloxe-Corton, Ancey, Antheuil, Arcenant, Arcey, Argilly, Asnières-lès-Dijon, Aubaine, Aubigny-en-Plaine, Auvillars-sur-Saône, Auxey-Duresses, Avelanges, Avot, Bagnot, Barbirey-sur-Ouche, Barges, Barjon, Baubigny, Baulme-la-Roche, Beaune, Bellefond, Bessey-en-Chaume, Bévy, Bligny-lès-Beaune, Bligny-sur-Ouche, Boncourt-le-Bois, Bonnencontre, Bouilland, Bousselange, Boussenois, Bouze-lès-Beaune, Brochon, Broin, Broindon, Busserotte-et-Montenaille, Bussières, La Bussière-sur-Ouche, Chaignay, Chamblanc, Chamboeuf, Chambolle-Musigny, Charrey-sur-Saône, Chassagne-Montrachet, Chaume-et-Courchamp, Chaux, Chazeuil, Chenôve, Chevannes, Chevigny-en-Valière, Chivres, Chorey-les-Beaune, Collonges-lès-Bévy, Colombier, Combertault, Comblanchien, Corberon, Corcelles-les-Arts, Corcelles-lès-Cîteaux, Corcelles-les-Monts, Corgengoux, Corgoloin, Cormot-Vauchignon, Corpeau, Couchey, Courlon, Crécey-sur-Tille, Crugey, Curley, Curtil-Vergy, Cussey-les-Forges, Daix, Détain-et-Bruant, Diénay, Dijon, Ébaty, Échevannes, Échevronne, Épagny, Épernay-sous-Gevrey, Esbarres, L'Étang-Vergy, Fénay, Fixin, Flagey-Echézeaux, Flavignerot, Fleurey-sur-Ouche, Foncegrive, Fontaine-lès-Dijon, Fraignot-et-Vesvrotte, Franxault, Fussey, Gemeaux, Gergueil, Gerland, Gevrey-Chambertin, Gilly-lès-Cîteaux, Gissey-sur-Ouche, Glanon, Grancey-le-Château-Neuvelle, Grenant-lès-Sombernon, Grosbois-lès-Tichey, Hauteville-lès-Dijon, Is-sur-Tille, Jallanges, Labergement-lès-Seurre, Labruyère, Lantenay, Lanthes, Lechâtelet, Levernois, Losne, Lux, Magny-lès-Aubigny, Magny-lès-Villers, Mâlain, Marcilly-sur-Tille, Marey-lès-Fussey, Marey-sur-Tille, Marigny-

lès-Reullée, Marsannay-la-Côte, Marsannay-le-Bois, Mavilly-Mandelot, Le Meix, Meloisey, Merceuil, Mesmont, Messanges, Messigny-et-Vantoux, Meuilley, Meursanges, Meursault, Montagny-lès-Beaune, Montagny-lès-Seurre, Monthelie, Montmain, Morey-Saint-Denis, Nantoux, Noiron-sous-Gevrey, Norges-la-Ville, Nuits-Saint-Georges, Orville, Pagny-la-Ville, Pagny-le-Château, Pernand-Vergelesses, Perrigny-lès-Dijon, Pichanges, Plombières-lès-Dijon, Poiseul-lès-Saulx, Pommard, Pouilly-sur-Saône, Prâlon, Premeaux-Prissey, Puligny-Montrachet, Quincey, Remilly-en-Montagne, Reulle-Vergy, La Rochepot, Ruffey-lès-Beaune, Ruffey-lès-Echirey, Sacquenay, Saint-Aubin, Saint-Bernard, Saint-Jean-de-Boeuf, Sainte-Marie-la-Blanche, Sainte-Marie-sur-Ouche, Saint-Maurice-sur-Vingeanne, Saint-Nicolas-lès-Cîteaux, Saint-Philibert, Saint-Romain, Saint-Symphorien-sur-Saône, Saint-Victor-sur-Ouche, Salives, Santenay, Saulon-la-Chapelle, Saulon-la-Rue, Saulx-le-Duc, Savigny-lès-Beaune, Savigny-le-Sec, Savigny-sous-Mâlain, Savouges, Segrois, Selongey, Semezanges, Ladoix-Serrigny, Seurre, Spoy, Tailly, Talant, Ternant, Thorey-sur-Ouche, Tichey, Til-Châtel, Trugny, Urcy, Valforêt, Velars-sur-Ouche, Vernois-lès-Vesvres, Véronnes, Veuvey-sur-Ouche, Vignoles, Villars-Fontaine, Villebichot, Villers-la-Faye, Villey-sur-Tille, Villy-le-Moutier, Volnay, Vosne-Romanée, Vougeot.

Roinn Saône-et-Loire:

L'Abergement-Sainte-Colombe, Allerey-sur-Saône, Allériot, Aluze, Ameugny, Azé, Beaumont-sur-Grosne, Berzé-la-Ville, Berzé-le-Châtel, Bey, Bissey-sous-Cruchaud, Bissy-la-Mâconnaise, Bissy-sous-Uxelles, Bissy-sur-Fley, Blanot, Bonnay-Saint-Ythaire, Les Bordes, Bouzeron, Boyer, Bragny-sur-Saône, Bray, Bresse-sur-Grosne, Burgy, Burnand, Bussières, Buxy, Cersot, Chagny, Chaintré, Chalon-sur-Saône, Chamilly, Champagny-sous-Uxelles, Champforgeuil, Chânes, Change, Chapaize, La Chapelle-de-Bragny, La Chapelle-de-Guinchay, La Chapelle-sous-Brancion, Charbonnières, Chardonnay, Charette-Varennes, La Charmée, Charnay-lès-Chalon, Charnay-lès-Mâcon, Chasselas, Chassey-le-Camp, Châtenoy-en-Bresse, Châtenoy-le-Royal, Chaudenay, Cheilly-lès-Maranges, Chenôves, Chevagny-les-Chevrières, Chissey-lès-Mâcon, Ciel, Clessé, Cluny, Clux-Villeneuve, Cormatin, Cortambert, Cortevaix, Crêches-sur-Saône, Créot, Crissey, Cruzille, Culles-les-Roches, Curtil-sous-Burnand, Damerey, Dampierre-en-Bresse, Davayé, Demigny, Dennevy, Dezize-lès-Maranges, Diconne, Donzy-le-Pertuis, Dracy-le-Fort, Écuelles, Épervans, Étrigny, Farges-lès-Chalon, Farges-lès-Mâcon, Flagy, Fleurville, Fley, Fontaines, Fragnes-La Loyère, Frontenard, Fuissé, Gergy, Gigny-sur-Saône, Givry, Granges, Grevilly, Guerfand, Hurigny, Igé, Jambles, Jugy, Jully-lès-Buxy, Laives, Laizé, Lalheue, Lans, Lessard-le-National, Leynes, Longepierre, Lournand, Lugny, Lux, Mâcon, Malay, Mancey, Marnay, Martailly-lès-Brancion, Massilly, Mellecey, Mercurey, Mervans, Messey-sur-Grosne, Milly-Lamartine, Mont-lès-Seurre, Montagny-lès-Buxy, Montbellet, Montceaux-Ragny, Montcoy, Moroges, Nanton, Navilly, Oslon, Ouroux-sur-Saône, Ozenay, Palleau, Paris-l'Hôpital, Péronne, Plottes, Pontoux, Prissé, Pruzilly, La Racineuse, Remigny, La Roche-Vineuse, Romanèche-Thorins, Rosey, Royer, Rully, Saint-Albain, Saint-Ambreuil, Saint-Amour-Bellevue, Saint-Boil, Saint-Bonnet-en-Bresse, Saint-Christophe-en-Bresse, Saint-Clément-sur-Guye, Saint-Cyr, Saint-Denis-de-Vaux, Saint-Désert, Saint-Didier-en-Bresse, Saint-Gengoux-de-Scissé, Saint-Gengoux-le-National, Saint-Germain-lès-Buxy, Saint-Gervais-en-Vallière, Saint-Gilles, Saint-Jean-de-Vaux, Saint-Loup-de-Varennes, Saint-Loup-Géanges, Saint-Marcel, Saint-Martin-Belle-Roche, Saint-Martin-du-Tartre, Saint-Martin-en-Bresse, Saint-Martin-en-Gâtinois, Saint-Martin-sous-Montaigu, Saint-Maurice-de-Satonnay, Saint-Maurice-des-Champs, Saint-Maurice-en-Rivière, Saint-Rémy, Saint-Sernin-du-Plain, Saint-Symphorien-d'Ancelles, Saint-Vallerin, Saint-Vérand, La Salle, Sampigny-lès-Maranges, Sancé, Santilly, Sassangy, Sassenay, Saules, Saunières, Savigny-sur-Grosne, Sennecey-le-Grand, Senozan, Sercy, Serley, Sermesse, Serrigny-en-Bresse, Sevrey, Sologny, Solutré-Pouilly, Taizé, Tournus, Toutenant, Uchizy, Varennes-le-Grand, Varennes-lès-Mâcon, Vaux-en-Pré, Verdun-sur-le-Doubs, Vergisson, Verjux, Vers, Verzé, Le Villars, Villegaudin, Vinzelles, Viré, Virey-le-Grand.

Is féidir teacht ar léarscáileanna den limistéar geografach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta.

Fásann caora cuiríní dubha in úlloird a raibh nós imeachta aitheantais ina leith bunaithe ar chritéir aitheantais dáileachta a bhaineann lena suíomh.

7. **Modh táirgthe na dí biotáillí**

Cineálacha

Is iad seo a leanas na cineálacha údaraithe amháin:

— príomhchineálacha: 'Noir de Bourgogne' agus 'Royal de Naples';

— cineálacha breise: 'Blackdown', 'Andega' agus 'Andorine'.

Údaraítear an dá phríomhchineál a mheascadh sa tsraith chéanna.

Toirmisctear aon mheascán eile de chineálacha sa tsraith chéanna.

Dlús plandaithe

Ní mór an dlús plandaithe a bheith idir 5 500 agus 7 000 planda in aghaidh an heicteáir.

Bíonn an spásáil idir na sraitheanna idir 2,85 agus 3,70 m.

Ceadaítear dáileachtaí nach gcomhlíonann na rialacha dlúis nó spásála plandála thuasluaite, tar éis meastóireachta, suas le teorainn 10 % de na limistéir shainaitheanta den ghabháltas, faoi réir comhaontú a shíniú ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta, an comhlacht cosanta agus bainistíochta agus an t-oibreoir údaraithe i gcomhréir leis an gcomhaontú arna cheadú ag an gcoiste náisiúnta ábhartha an 6 Feabhra 2025.

Cothabháil ithreach

Ní mór don táirgeoir na limistéir idir na sraitheanna a choinneáil ar bun ar cheann de na bealaí seo a leanas:

— clúdach féir buan, curtha nó spontáineach;

— curaíocht, ach amháin i gcás ina bhfuil riosca creimthe ann.

Leasú

Tá anailís cheimiceach ithreach ag teastáil roimh gach plandáil nua.

Ní fhéadfar níos mó ná 80 aonad in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana a leasú le nítrigine. Más mó ná 50 aonad é, ní mór é a úsáid ag eatraimh.

Táirgeacht

Ní mór an mheántáirgeacht in aghaidh an phlanda ag gach gabháltas a bheith níos ísle ná:

— 1 000 g in aghaidh an phlanda, le teorainn 6 thona/heictéar i gcás na bpríomhchineálacha;

— 1 700 g in aghaidh an phlanda, le teorainn 10 dtona/heictéar i gcás na gcineálacha breise;

Lománaíocht

Seachas an dá phríomhchineál, a fhéadfar a bhaint le chéile, ní mór gach ceann de na cineálacha a bhaint ar leithligh.

Le linn na buainte, ní mór go mbeadh comhéifeacht athraonta na gcaor cuiríní dubha níos mó ná:

— 15 Brix i gcás na gcineálacha ‘Noir de Bourgogne’, ‘Royal de Naples’, ‘Andega’ agus ‘Andorine’;

— 17 Brix i gcás an chineáil ‘Blackdown’.

Próiseáil na dtorthaí

Déantar na caora cuiríní dubha:

— a mhaothú ar an mbealach a dtugtar tuairisc air thíos;

— nó a reo ar mhaithe le maothú níos déanaí.

Maothú torthaí

Déantar na comhpháirteanna intuaslagtha den toradh a eastóscadh trí mhaothú ag teocht íseal ar na caora cuiríní dubha sa chainníocht chuí d’alcól eitile ardchaighdeáin de bhunadh talmhaíochta, agus uisce curtha leis b’fhéidir.

I gcomhréir leis na cionmhaireachtaí atá leagtha síos sna sonraíochtaí seo, déantar na cineálacha údaraithe a mheascadh:

— go díreach sa dabhach maothaithe;

— nó trí na príomhchineálacha, ar thaobh amháin, agus na cineálacha breise, ar an taobh eile, a mhaothú ar leithligh.

Is féidir maothú amháin nó dhá cheann a dhéanamh leis an ualach torthaí céanna. I gcás dhá mhaothú, ag deireadh an chéad mhaothaithe agus tar éis an eastósctha, cuirtear alcól agus uisce leis an dabhach agus ansin déantar an dara maothú.

Maireann gach maothú 3 seachtaine ar a laghad.

Faightear an t-insileadh:

— le sú saorghluaiseachta;

— tríd an sú saorghluaiseachta a mheascadh leis an sú brúite ón maothú céanna;

— nó tríd an maothú a bhrú go díreach.

Ní mór neart alcóil de réir toirte an insilte a fhaightear a bheith ar a laghad 25 %.

Crème de cassis a tháirgeadh

Déantar 'Cassis de Bourgogne' ón gcéad insileadh nó ó mheascán den chéad agus den dara hinsileadh, ina ndéantar siúcra gránaithe a thuaslagadh ag teocht an tseomra.

Féadfar an neart alcóil de réir toirte a choigeartú aon uair is gá trí alcól eitile ardchaighdeáin de bhunadh talmhaíochta nó uisce a chur leis.

Ní fhéadfar aon chomhábhar eile a chur leis, go háirithe cuirín dubh, cuirín dearg nó bachlóga sú craobh.

Ualach torthaí

Is é 250 g de chaora cuiríní dubha in aghaidh an lítir de crème de cassis a fhaightear an t-ualach íosta torthaí do na príomhchineálacha.

Os cionn an íosmhéid sin, féadfar an t-ualach torthaí a mhéadú le torthaí:

— de na príomhchineálacha:

— de na cineálacha breise, suas le huasmhéid de 200 g de chaora cuiríní dubha in aghaidh an lítir de crème de cassis a fhaightear.

Cinntear an t-ualach torthaí in dhá chéim:

— ríomh ar an meánualach torthaí de na hinsiltí;

— ansin ríomh an ualaigh torthaí de réir baisce de crème de cassis a tháirgtear, agus toirt gach insilte a úsáideadh á cur san áireamh.

I gcás nach ndéantar ach maothú amháin, cinntear ualach na dtorthaí i gcoibhneas le toirt an insilte a eastósctar.

Nuair a dhéantar dhá mhaothú, meastar gur ionsúdh trí cheathrú den ualach torthaí sa chéad mhaothú, agus gur ionsúdh an ceathrú cuid eile sa dara maothú.

8. **Rialacha sonracha maidir le pacáistiú**

—

9. **Rialacha lipéadaithe sonracha**

Tásca breise

Ní fhéadfar an tásc geografach 'Cassis de Bourgogne' a fhorlíonadh le tásc breise ar bith.

10. **Tuairisc ar an nasc idir an deoch bhiotáilleach agus a tionscnamh geografach, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, gnéithe sonracha na tuairisce ar an táirge nó an mhodha táirgthe lena dtugtar údar leis an nasc**

Tosca fisiceacha an naisc

Tá limistéar geografach táirgthe 'Cassis de Bourgogne' suite i gcodanna thoir de ranna Côte d'Or agus Saône-et-Loire. Comhfhreagraíonn sé do na príomhréigiúin nádúrtha seo a leanas:

— ardchláir aolchloiche na Burgúine soir ó leac na Burgúine, na Hautes-Côtes agus an Côte viticole, ag síneadh ó dheas tríd an Côte Chalonnaise, an Clunisois agus ar deireadh an Mâconnais. Tá airde idir 400 agus 600 m ann, agus tá go leor gleannta ag dul trí na hardchláir, rud a fhágann go bhfuil tír-raon garbh acu;

— ar an taobh thoir tá machairí foshraithe marla feirmeoireachta na Saône agus a craobh-abhainn, an Dheune. Tá airde idir 200 agus 250 m ann, le talamh réidh ina bhfuil an talamh níos airde clúdaithe le foraoisí amhail Foraois Cîteaux.

Sna réigiúin ardchlár, is as aolchloch chrua nó chréúil ón ré (thánaisteach) Iúrasach a fhoirmítear na foshraitheanna den chuid is mó. Is iondúil go mbíonn na hithreacha clochach, cailcreach agus dea-dhraenáilte.

Is dúrabhán cré den chuid is mó atá in ithreacha machaire Saône, láiste ar an dromchla de ghnáth. Ar fhánaí na ngleann, tá an fhoshraith mharla ón ré Threasach níos gaire don dromchla. Ansin, d'fhéadfadh ithreacha a bheith beagán cailcreach níos doimhne síos agus dea-dhraenáilte.

Cuirtear na húlloird cuiríní dubha ar ithreacha atá comhdhéanta d'ithreacha foshraithe aolchloiche nó marla atá measartha domhain agus dea-dhraenáilte, cé is moite d'ithreacha ar an machaire glárach agus na hithreacha cnámharlaigh ar aolchloch chrua. Seachnaítear sioc.

Tá an Bhurgúin uile faoi réir aeráid aigéanach, arb iad sainairíonna di báisteach mheasartha agus thráthrialta, agus gan aon triomach samhraidh. Is gnách go mbíonn teochtaí ann mar a bhíonn in aeráid fhionnuar (meán bliantúil: 11 °C). Tá an t-atmaisféar aigéanach maolaithe, áfach, i ndeisceart an réigiúin mar thoradh ar thalamh Morvan-Charolais a chruthaíonn éifeacht Foehn rud a fhágann go laghdaítear an taise agus go mbíonn teocht níos airde ag leibhéil níos ísle. Léiríonn an aeráid aigéanach roinnt gnéithe ilchríochacha freisin a threoraítear trí ghleann Saône agus conair Besançon. Mar gheall ar éifeacht na ngaoth soir ó thuaidh, bíonn teochtaí an gheimhridh sách íseal, le tréimhsí seaca a fhéadfaidh a bheith fada agus dian, ach uaireanta bíonn séasúir dhéanacha an-ghrianmhar ann freisin. Bíonn an samhradh te agus sách tirim.

Tosca daonna an naisc

Roimh an 19ú céad, ba iad teaghlaigh den chuid is mó a d'fhásadh agus a d'itheadh cuiríní dubha sa Bhurgúin, cé go raibh cáil ar an bplanda as a airíonna míochaine.

Ba in 1841 a sheol Lagoutte agus Joly an chéad táirgeadh de 4 heictilítir de licéar cuiríní dubha in Dijon. Bhí rath air láithreach agus 3 bliana ina dhiaidh sin, in 1844, ardaíodh an táirgeadh go 250 heictilítear agus ansin d'fhás sé níos mó fós. Chuir roinnt mhaith táirgeoirí licéir tús le hoibríochtaí sa réigiún, agus mhéadaigh saothrú cuiríní dubha chun freastal ar an éileamh. In 1875, taifeadadh 2 300 000 planda in Côte d'Or.

Sna laethanta tosaigh, shaothraíodh saothróirí fíona cuiríní dubha in éineacht lena bhfíniúnacha. Ar dtús, bhain saothrú cuiríní dubha tairbhe as saineolas agus trealamh na saothróirí fíona: bearradh bliantúil, curaíocht, etc. Ina theannta sin, dhéantaí an fómhar le linn an tseachshéasúir thraidisiúnta d'fhíniúnacha. Ansin, d'éirigh táirgeadh crème de cassis níos cobhsaí agus níos forleithne, agus thiomnaigh úinéirí dáileachtaí talún iomlána do chuiríní dubha. Lonnaithe ar dtús i mbardais fíonsaothrúcháin Côte agus Hautes Côtes, scaip saothrú cuiríní dubha ansin go Chalonnais agus machaire Dijon, agus ar deireadh go gleann Saône.

Aisteach go leor, neartaigh ráig fiollocsaeire ag deireadh an 19ú céad láithreacht cuiríní dubha sa Bhurgúin trí athdháileadh plandála. Bheadh cuiríní dubha ag áitiú go sealadach ar fhánaí fíonsaothrúcháin is mó le rá sa Bhurgúin. Sin an chúis a bhfuil crème de cassis ann ó áiteanna mar Vougeot, Chambertin, Aloxe-Corton agus Chambolle Musigny.

Sa 20ú céad, thosaigh táirgeoirí cuiríní dubha réigiúnacha á n-eagrú féin:

— ó 1900, bunaíodh comhlachais táirgeoirí sráidbhaile, go príomha sna Hautes Côtes. Sa bhliain 1912, tháinig Aontas Chomhlachais na dTáirgeoirí Cuiríní Dubha ar an bhfód, ag tabhairt le chéile thart ar 50 cumann áitiúil;

— tháinig na chéad chonarthaí chun caora cuiríní dubha a cheannach idir saothróirí agus táirgeoirí licéir chun cinn in 1904, le téarmaí idir 6 agus 12 bhliain. Leanann an cleachtas sin maidir le conarthaí ilbhliantúla a thabhairt i gcrích go dtí an lá atá inniu ann;

— tá táirgeoirí agus saothróirí licéir tar éis grúpáil le chéile i gcomhlachais trádála trastionscail ó shin: an Comité Interprofessionnel du Cassis de Dijon in 1955, agus an Syndicat Interprofessionnel de Défense du Cassis en Bourgogne in 1997 ina dhiaidh sin.

In Dijon, chuir J. Vercier, ollamh sinsearach gairneoireachta, le blianta fada anuas le forbairt agus eagrú fhás na gcuiríní dubah sa Bhurgúin. Idir 1903 agus 1930, chuir sé cúig eagrán as a chéile de shaothar tagartha ar shaothrú cuiríní dubha in eagar. Chuir sé le sainmhíniú ar thréithchineál réigiúnach cuirín dhuibh a tugadh 'Noir de Bourgogne' air ó na 1920idí ar aghaidh. Sna 1960idí, rinne lárionad Dijon de chuid na hInstitiúide Náisiúnta um Thaighde Talmhaíochta (INRA) taighde ar an gcuirín dubh agus, go háirithe, chruthaigh sé clón deimhnithe don chineál áitiúil seo.

Déantar 'Crème de cassis de Bourgogne' a tháirgeadh anois ag táirgeoirí speisialaithe licéir agus is é a dtáirge suaitheanta é. Mar sin féin, táirgeann saothróirí caor mionscála é freisin.

Is é an cineál is fairsinge ná an 'Noir de Bourgogne', a bhfuil saintréithe feineolaíochta áirithe aige a léiríonn an chaoi ar oiriúnaigh sé do na coinníollacha sa Bhurgúin. Laghdaíonn bachlú agus bláthú déanach na rioscaí a bhaineann le sioc earraigh agus feabhsaíonn siad coinníollacha pailnithe (láithreacht feithidí). A bhuíochas dá shéasúr gearr fáis, is féidir é a bhaint go luath lasmuigh de thréimhsí tirime an tsamhraidh. Mar sin féin, tá an cineál seo íogair do choincleach phúdrach, tugann sé toradh íseal agus ní dhéanann sé féinphailniú maith, rud a fhágann go bhfuil seans maith ann nach dtabharfaidh sé toradh. Dá bhrí sin, is gá é a phlandáil in éineacht le cineál pailneora a bhfuil an dáta bláthaithe céanna aige. Is é an cineál is coitianta a úsáidtear ná 'Royal de Naples', atá traidisiúnta sa Bhurgúin freisin. Táirgeann an dá chineál caora a mbíonn dea-bholadh thar a bheith cumhachtach orthu, agus tá déine datha láidir ag an 'Royal de Naples' freisin.

Sainiúlacht an táirge

Is sainairíonna de chuid na Burgúine iad cuiríní dubha agus 'crème de cassis de Bourgogne' ón dara leath den 19ú céad. Táirgeann an réigiún níos mó ná 80 % de na 'crèmes de cassis' a dhíoltar sa Fhrainc agus ar fud an domhain. Gach bliain, fágann 12 mhilliún lítear stórais táirgeoirí licéir sa Bhurgúin. Tá dlúthbhaint ag an licéar seo le cléireach darbh ainm Kir, a bhí ina Mhéara agus ina Chomhalta Parlaiminte do Dijon sna 1950idí agus a thug a ainm don mhanglam cáiliúil. Tá músaem cuiríní dubha domhanda Cassissium bunaithe in Nuits-St-Georges ó bhí 2001 ann agus tugann 30 000 duine cuairt air gach bliain.

Is in 1856 a rinneadh an chéad tagairt do 'Cassis de Bourgogne' agus na deartháireacha Lagoutte a bhí ina dtáirgeoirí licéir in Dijon. Leis an gcáil a bhí ag dul i méid, bhí an t-ainm in úsáid go coitianta ag táirgeoirí licéir sa Bhurgúin agus fiú in Lyon ag tús an 20ú céad.

Is minic a chuireadh trádálaithe fíona na Burgúine 'Cassis de Bourgogne' i láthair in éineacht lena raon fíonta breátha.

Tá dea-bholadh thar a bheith cumhachtach ag 'Cassis de Bourgogne' a chomhcheanglaíonn éadroime, uigeacht mhín agus iarbhlas. Is léir a thiúchan torthaí freisin óna dhath dearg dorcha an-dlúth agus a shlaodacht ard, a fhágann 'go ngreamaíonn sé den ghloine'.

Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge

Ag tosú i lár an 19ú céad tar éis fhorbairt an táirgthe licéir sa Bhurgúin, tá saothrú cuiríní dubha bunaithe go daingean in oirthear na Burgúine ó shin, sna hardchláir aolchloiche agus i machairí an Saône. Is planda tuaisceartach é an cuirín dubh ar maith leis aeráidí tirime fuara agus fionnuara. Tá sé suite go hidéalach i gcroílár réigiún na Burgúine.

Is iad an dá phríomhchineál, a chuimsíonn formhór na limistéar a shaothraítear sa Bhurgúin agus an tráth céanna atá ina mionlach i réigiúin eile, an 'Noir de Bourgogne' agus a phailneoir an 'Royal de Naples'. Tá an dá chineál dhúchasacha sin oiriúnach do thalamh agus aeráid na Burgúine.

Éilíonn saothrú an 'Noir de Bourgogne', cineál atá leochaileach agus éadrom, cúram agus saineolas speisialta i bhfianaise a theorainneacha agranamaíocha. Mar sin féin, déantar cúiteamh den chuid is mó as a theorainneacha agus a thoradh íseal ag a cháilíochtaí aramatacha gan sárú. Is cineál an-aramatach é an 'Royal de Naples' freisin.

Le breis agus 150 bliain de thaithí sa réimse seo, is táirge tipiciúil é 'Cassis de Bourgogne' a bhuíochas den saineolas atá ag táirgeoirí licéir na Burgúine atá speisialaithe i bpróiseáil cuiríní dubha (táirgeadh licéir trí mhaothú, úsáid cineálacha áitiúla, ualach ard torthaí, úsáid eisiach caor cuiríní dubha). Tugann an cineál cuiríní dubha 'Noir de Bourgogne', lena bhlas breá cumhachtach, saibhreas aramatach eisceachtúil do 'Cassis de Bourgogne'. Is é an cineál 'Royal de Naples', dá chuid féin, a sholáthraíonn déine an datha. Ar deireadh, bíonn na caora dea-aibithe mar gheall ar aibiú luath na bpríomhchineálacha agus tugann sé uigeacht mhín don licéar.

Ós rud é go bhfuil an t-amhábhar le fáil in aice le stórais na dtáirgeoirí licéir, bíonn malartú faisnéise ar siúl go traidisiúnta agus i gcónaí idir táirgeoirí agus próiseálaithe na dtorthaí, mar a léiríonn an comhlachas trastionscail. Dá bhrí sin, is féidir labhairt faoi osmóis idir an t-amhábhar, an toradh, an táirgeadh agus an phróiseáil, agus idir na saothróirí cuiríní dubha agus na táirgeoirí licéir áitiúla, rud a eascraíonn i dtáirge siombalach de chuid na Burgúine.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-39e49079-18b1-464b-8c3d-71733800209f